C/2023/1327

22.12.2023

# Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – An fhadbhreathnaitheacht straitéiseach a úsáid ar mhaithe le rialachas an Aontais Eorpaigh agus reachtóireacht níos fearr

(C/2023/1327)

**Rapóirtéir:** Giorgio MAGLIOCCA (IT/PPE)

**MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS**

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

## Uair na faille

1. Tá CnaR á thabhairt le fios gur féidir, tríd an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach, féidearthachtaí éagsúla na todhchaí a thuar agus a scrúdú ar bhealach struchtúrtha córasach comhchoiteann agus, ar an gcaoi sin, cinntí níos fearr a dhéanamh.

2. Is mian le CnaR a chur i bhfáth, áfach, nach é is cuspóir don fhadbhreathnaitheacht straitéiseach an todhchaí a thuar, ach ullmhú don todhchaí sin le go bhféadfar aghaidh a thabhairt uirthi, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le rialachas réamhghníomhach ar gach leibhéal. Tá sé á chur chun suntais aige, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá an fhadbhreathnaitheacht, go háirithe i gcomhthéacsanna atá casta, éiginnte agus ag síorathrú, chun cur leis an athléimneacht agus, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, chun gur fearr a fhéadfaidh gach leibhéal institiúideach san Aontas Eorpach déileáil go tráthúil agus ar bhealach nuálach le hathruithe.

3. Meabhraíonn CnaR go bhfuil moltaí deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa bunaithe ar ionchas na saoránach a fhad a bhaineann sé le beart réamhbhreathnaitheach, inbhuanaithe agus atá slán i bhfad na haimsire a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Is díol sásaimh do CnaR, ina leith sin, an t-aitheantas atá tugtha ag an gCoimisiún don fhadbhreathnaitheacht straitéiseach mar chuspóir trasearnála de chuid na hinstitiúide agus mar uirlis rialachais freisin.

4. Is mian le CnaR a chur chun suntais an méid a chuireann an fhadbhreathnaitheacht le dearcadh straitéiseach fadtéarmach a chur ar fáil, rud atá thar a bheith tábhachtach maidir le clár oibre straitéiseach a ullmhú do thodhchaí an Aontais tar éis na dtoghchán Eorpach in 2024, ráite go nglacfar an clár oibre straitéiseach nua don tréimhse 2024-29, agus le linn chéimeanna ullmhúcháin an timthrialla beartais nua.

5. Is oth le CnaR gur go fánach a dhéantar an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach go minic agus/nó nach mbíonn ach grúpa beag anailísithe agus teicneoirí páirteach inti. Tá sé den tuairim, áfach, go bhfuil an-tábhacht pholaitiúil leis an bhfadbhreathnaitheacht agus nach mór í a mheas mar ghné nádúrtha den phleanáil straitéiseach laistigh de na hinstitiúidí agus í a bheith ina buanphróiseas idirghníomhaíochta, lena n-áirítear an comhthéacs, na geallsealbhóirí rannpháirteacha agus na saoránaigh. Is é an cuspóir deiridh nach foláir a bheith léi cabhrú leis an rialachas il-leibhéil a fheabhsú agus cur le beartais atá dírithe ar an todhchaí agus a fhreagraíonn níos fearr do riachtanais na saoránach.

6. Tá CnaR den tuairim, thairis sin, gur gnéithe tábhachtacha iad Leas-Uachtarán a cheapadh sa Choimisiún a mbeadh cúram na fadbhreathnaitheachta straitéisí air nó uirthi, chomh maith leis an bhfadbhreathnaitheacht a áireamh sna treoirlínte agus sa bhosca uirlisí maidir leis an reachtóireacht níos fearr (2021). Is dóigh le CnaR go dtacóidh an Coimisiún nua freisin leis na bearta nithiúla sin agus go gcuirfear leo amach anseo.

7. Tá sé á chur in iúl ag CnaR go bhfuil gealladh faoin bhfadbhreathnaitheacht mar uirlis úsáideach a thugann treoir straitéiseach agus a chabhraíonn le machnamh níos fearr a dhéanamh ar na cinntí airgeadais agus buiséadacha. Trí na tosca sin is mó tionchar ar an todhchaí (agus ar na riachtanais a bhaineann leis na tosca sin) a shainaithint, is go furasta a bheifear in ann na tosaíochtaí infheistíochta a aithint agus acmhainní a leithdháileadh ar na réimsí ar dócha go mbeidh an tionchar is mó acu.

8. Cuireann CnaR chun suntais gur gá an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach a phríomhshruthú ar bhealach níos cothrománaí agus níos córasaí i mbeartais an Aontais chun athléimneacht an Aontais a fheabhsú agus chun ceapadh beartais AE a sheasfaidh an aimsir a áirithiú. Ar an gcaoi chéanna, is cuid ríthábhachtach den chaoi a gcruthaítear an athléimneacht agus an rialachas réamhghníomhach agus rannpháirteach ar fud an Aontais agus ar fud an domhain é cultúr fadbhreathnaitheachta straitéisí a fhorbairt atá dírithe ar rialachas níos fearr ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus nasc níos fearr a chruthú leis na leibhéil chinnteoireachta eile.

9. Tá CnaR á chur i bhfáth gur cheart do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, mar aon le geallsealbhóirí réigiúnacha eile agus na saoránaigh (daoine óga go háirithe) a bheith ina ngníomhaithe lárnacha i gcleachtadh na fadbhreathnaitheachta straitéisí, trí chur go réamhghníomhach leis na cinntí lena socrófar a bhfuil i ndán dóibh.

**Treochtaí domhanda agus dúshláin áitiúla agus réigiúnacha**

10. Tá sé ríthábhachtach tionchar na dtreochtaí domhanda ar an ngné áitiúil agus réigiúnach a aithint go tráthúil agus go córasach. Go deimhin, is riachtanach an ní é an fhaisnéis agus na cumais atá ann ar na leibhéil éagsúla a nascadh níos fearr le chéile le go bhféadfar na cásanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann a thuiscint níos fearr agus ullmhú dóibh.

11. Tá CnaR den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, na socruithe agus na bealaí is oiriúnaí a shainaithint le go bhféadfaidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus geallsealbhóirí réigiúnacha ábhartha eile (e.g. gníomhaireachtaí forbartha réigiúnacha) tairbhe a bhaint as na gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta straitéisí atá á ndéanamh cheana ar an leibhéal Eorpach agus/nó cur leo.

12. Meabhraíonn CnaR go bhfuil sé leagtha amach sa tuarascáil ó ESPAS ([1]) maidir le treochtaí domhanda, agus sna tuarascálacha ón gCoimisiún maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach, cé na príomhdhúshláin atá le sárú ar gach leibhéal rialachais de chuid an Aontais, go háirithe an tóir ar neamhspleáchas straitéiseach oscailte, an gá atá leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, an phráinn atá ann aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ag dul i méid ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus ar na héifeachtaí atá ag an uirbiú atá ag tarlú ar bhonn leanúnach. Is é an fíordhúshlán atá ann tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir leis na treochtaí sainaitheanta idirghníomhú agus tuiscint a fháil go maith luath ar an tionchar áitiúil agus sóisialta atá ag na treochtaí sin, agus freisin ag na beartais agus na cinntí a dhéantar ar an leibhéal Eorpach chun gur féidir aghaidh a thabhairt orthu. Is mian le CnaR a chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá sé anailís chuí a dhéanamh ar thionchar na dtreochtaí sin ar shaol na hoibre, ar bheartais thionsclaíocha agus ar aon mhéadú ar na bearnaí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta.

13. Tagann na príomhthreochtaí domhanda le chéile nuair a tharlaíonn uirbiú, rud a spreagann agus a chuireann dlús lena lán de na treochtaí sin. Lena chois sin, bíonn ar na cathracha déileáil le líon méadaitheach de dhúshláin thrasnáisiúnta, agus is ar bhonn domhanda is mó a bhíonn orthu gníomhú, rud atá an-ábhartha don smaointeoireacht straitéiseach.

14. Tuigeann CnaR gur áiteanna ina dtarlaíonn claochlú iad na cathracha, na cúigí agus na réigiúin agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, go ndéanfaí an claochlú sin a rialú le beartas réigiúnach straitéiseach, nuálach, rannpháirteach agus fadtéarmach. Tá CnaR den tuairim, i ndáil leis an méid sin, gur féidir le cur chuige áitbhunaithe, creataí beartais ilearnála ([2]), próisis amhail an speisialtóireacht chliste, na comhghuaillíochtaí idir-réigiúnacha agus na héiceachórais nuálaíochta cur le samhlacha nua áitiúla agus réigiúnacha le haghaidh sochaithe níos inbhuanaithe, agus an baol go bhfágfar limistéir iomlána ar lár a laghdú freisin. Is mian le CnaR a chur i bhfáth gur uirlis oiriúnach í an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach chun próisis den chineál sin a éascú.

15. Tá sé ag iarraidh go ndéanfar plé níos doimhne ar na cineálacha cur chuige is iomchuí agus is úsáidí maidir leis na próisis chinnteoireachta atá le húsáid san fhadbhreathnaitheacht straitéiseach ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, agus na srianta modheolaíochta, na sainiúlachtaí agus na dúshláin a bhaineann leis an gcomhthéacs ina gcuirtear i bhfeidhm iad á gcur san áireamh freisin, amhail leochaileachtaí sóisialta atá ag dul i méid, éagsúlachtaí idir na réigiúin agus cúiseanna míshástachta an phobail.

---

([1]) An Córas Eorpach um Anailís Straitéiseach agus Beartais.
([2]) Mar shampla, creataí beartais lena gcomhcheanglaítear beartais thionsclaíocha, beartais nuálaíochta agus beartais oideachais.

**An méid a chuireann an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach leis an gClár Oibre maidir le Rialáil Níos Fearr**

16. Is dlúthchuid den iarracht a dhéantar agus de na huirlisí a úsáidtear san Aontas ar mhaithe leis an reachtóireacht níos fearr (rialáil níos fearr) an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach, arb é is aidhm di reachtaíocht atá bunaithe ar fhianaise agus atá inbhuanaithe, trédhearcach agus slán i bhfad na haimsire a dhréachtú chun an breisluach is mó is féidir a chruthú do shaoránaigh an Aontais. Tá an cur chuige sin i gcomhréir iomlán leis an tuiscint atá ag CnaR ar an gcoincheap 'coimhdeacht ghníomhach' ([3]).

17. Tá CnaR ag iarraidh athuair go ndéanfaí scórchlár leochaileachta críochaí a cheapadh i ndlúthchomhar le hAirmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (JRC) ionas gur fearr an tuiscint a bheidh ann faoi na rioscaí a bhaineann leis na leochaileachtaí sin, agus ionas gur fearr a chuirfear san áireamh iad ([4]).

18. Is mian le CnaR a athdhearbhú go bhfuil gach leibhéal rialachais, ón leibhéal áitiúil agus réigiúnach aníos, in ann ionchur tábhachtach a chur ar fáil le haghaidh gach céime de shaolré na reachtaíochta Eorpaí agus na mbeartas Eorpach. Cuid suntais ina leith sin na céimeanna seo a leanas: na dúshláin a bheidh ann agus na treochtaí fadtéarmacha a shainaithint go comhpháirteach; agus an reachtaíocht lena mbaineann á dréachtú, measúnú cúramach a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag na dúshláin agus na treochtaí sin ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach (agus ceanglas a thabhairt isteach maidir le measúnuithe tionchair chríochaigh a dhéanamh); a gcomhoiriúnacht do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a fhíorú (lena n-áirítear in CnaR agus ar na leibhéil fhonáisiúnta rialachais); athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá sí i gcomhréir freisin le critéir an tionchair chríochaigh (e.g. trí líonra RegHub in CnaR agus tríd an Ardán 'Réidh don Todhchaí'). Tá CnaR den tuairim, thairis sin, gur féidir le modhanna fadbhreathnaitheacha, amhail tástálacha struis a dhéanamh ar bheartais, cabhrú le hullmhú níos fearr do ghéarchéimeanna agus do theagmhais shuaiteacha agus is mian leis an cleachtas sin a chur chun cinn.

19. Le cruthú an Ghrúpa Stiúrtha um Rialáil Níos Fearr agus Coimhdeacht Ghníomhach (BRASS-G), tugtar le chéile ar an leibhéal beartais na gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanann CnaR i réimse na reachtóireachta níos fearr. Tá sé á mheas ag CnaR comhalta dá chuid a dhíreodh ar an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach a chuimsiú sa ghrúpa sin.

**Comhar idirinstitiúideach i réimse na fadbhreathnaitheachta**

20. Dearbhaíonn CnaR go bhfuil sé toilteanach cur leis na hiarrachtaí idirinstitiúideacha i réimse na fadbhreathnaitheachta straitéisí atá á ndéanamh ag an Aontas agus leis an mbreisluach a bhíonn ag na hiarrachtaí sin. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh do CnaR na tograí a ghlac Comhdháil na nUachtarán in CnaR mar chuid den Treochlár maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach in CnaR (2022).

21. Molann CnaR cur leis an eolas agus leis an bhfeasacht ar an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach atá ag comhaltaí agus oifigigh CnaR agus ag baill foirne sin na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a bhfuil ról tábhachtach acu sa réimse seo. Chuige sin, tá sé beartaithe aige gníomhaíochtaí oiliúna atá curtha in oiriúint do riachtanais shonracha an réimse a chur chun cinn.

22. Tá CnaR tiomanta rannchuidiú le gníomhaíochtaí comhair idirinstitiúidigh atá ann cheana, e.g. rannpháirtíocht ghníomhach i líonra ESPAS, anailís a dhéanamh ar na bagairtí agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann, agus na treochtaí is ábhartha don todhchaí a shainaithint, agus an dearcadh áitiúil agus réigiúnach á thabhairt chun suntais. Tá CnaR á áitiú, dá bhrí sin, go ndéanfaí an ghné sin a chur san áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach agus sa tuarascáil ó ESPAS maidir le treochtaí domhanda.

23. Is mian le CnaR a athdhearbhú go bhfuil sé ar intinn aige cur chuige na fadbhreathnaitheachta straitéisí a chur san áireamh i ngach tuairim uaidh agus is díol sásaimh dó go mbíonn gnéithe áirithe den fhadbhreathnaitheacht á gcur san áireamh níos minice anois ná riamh i staidéir a thacaíonn le hobair CnaR.

24. Molann CnaR freisin sineirgí agus socruithe malartaithe níos fearr a chur chun cinn idir cathracha, cúigí agus réigiúin ar spéis leo a n-acmhainneachtaí fadbhreathnaitheachta straitéisí a neartú agus/nó dea-chleachtais nó próisis foghlama frithpháirtí a roinnt le chéile.

25. Tá CnaR tiomanta, dá bhrí sin, guth a thabhairt dá chomhaltaí féin le go gcuirfidh siad a ndearcadh in iúl ar an leibhéal Eorpach, agus inniúlachtaí fadbhreathnaitheachta agus taithí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus eagraíochtaí eile áitiúla sa réimse sin a bhailiú agus leas a bhaint astu.

([3]) Is éard is coimhdeacht ghníomhach ann gach leibhéal rialachais a bheith rannpháirteach go dearfach i gcruthú bhreisluach an Aontais.

([4]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus bainistiú géarchéimeanna: cur le hathléimneacht an Aontais, a réigiún agus a chathracha (IO C 257, 21.7.2023, lch. 6).

26. Tá CnaR toilteanach, i gcomhar leis na hinstitiúidí Eorpacha, nasc níos dlúithe a chothú idir na gníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta straitéisí a dhéantar ar an leibhéal áitiúil, ar leibhéal an chúige agus ar an leibhéal réigiúnach agus na gníomhaíochtaí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta. Is mian le CnaR, dá bhrí sin, go gcoinneofaí ar an eolas é faoi na tionscnaimh atá á gcur chun cinn ag Uachtaránachtaí rothlacha Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus/nó ag an gCoimisiún sa réimse seo agus páirt a ghlacadh iontu.

27. Molann CnaR don Choimisiún (JRC go háirithe) agus don Pharlaimint (seirbhís taighde EPRS go háirithe) oibriú i gcomhar le CnaR chun uirlisí ilteangacha so-rochtana a fhorbairt (e.g. lámhleabhair, cúrsaí oiliúna, boscaí uirlisí) le go bhféadfar scaipeadh saineolais a spreagadh agus struchtúir fadbhreathnaitheachta straitéisí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a neartú.

28. Tá CnaR á chur i bhfáth go bhfuil a lán cineálacha cur chuige ann maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach agus gur cheart do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na modhanna is oiriúnaí dá riachtanais agus dá gcumais féin a roghnú, agus an tsolúbthacht is gá acu chuige sin, nó a gcur chuige féin a cheapadh.

29. Iarrann CnaR ar JRC oibriú go dlúth leis an gCoiste chun modheolaíochtaí cur chuige agus feidhmchláir théamacha a fhorbairt a bheadh saincheaptha do riachtanais na rialtas fonáisiúnta agus na ngeallsealbhóirí réigiúnacha. Is díol sásaimh do CnaR, dá bhrí sin, an comhar idir CnaR agus JRC maidir le cleachtadh fadbhreathnaitheachta a eagrú a bheadh dírithe ar thodhchaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (an Mheitheal um an gComhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil).

**Moltaí maidir le cur chuige réigiúnach a chur san áireamh san fhadbhreathnaitheacht straitéiseach**

30. Is mian le CnaR béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé an dearcadh áitiúil agus réigiúnach agus fís straitéiseach leathan a chur san áireamh in ullmhú agus i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2024-29. Iarrann sé, dá bhrí sin, ar an bParlaimint, ar Uachtaránachtaí na Comhairle agus ar an gCoimisiún an tábhacht a bhaineann leis an ngné sin a thabhairt dá n-aire agus í a chur san áireamh ina dtuarascálacha agus ina ngníomhaíochtaí maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach.

31. Iarrann sé freisin ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le CnaR go córasach agus go tráthúil le linn phróiseas dréachtaithe na tuarascála bliantúla maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach. Geallann CnaR an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach a chur san áireamh níos fearr ina thuarascáil bhliantúil féin maidir le staid na gcathracha agus na réigiún san Aontas Eorpach.

32. Is mian le CnaR béim a leagan ar an luach daonlathach a bhaineann le gníomhaíochtaí maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach rannpháirteach a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus ar a thábhachtaí atá sé rannchuidiú ón mbun aníos le próiseas rialachais il-leibhéil agus le clár oibre forbartha inbhuanaithe. Molann CnaR, dá bhrí sin, cur leis na deiseanna foghlama atá ag na saoránaigh agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, iad a spreagadh le páirt a ghlacadh i gcleachtaí fadbhreathnaitheachta, e.g. anailís a dhéanamh ar na bagairtí agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann, comharthaí laga agus treochtaí fadtéarmacha a shainaithint, cásanna féideartha a shainiú agus roghanna don todhchaí a shainaithint ar bhonn comhpháirteach.

33. Ba cheart a aithint go soiléir san athbhreithniú a dhéanfar ar an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr gur gné ríthábhachtach den Chlár Oibre í an fhadbhreathnaitheacht straitéiseach. Níor mhór, sa chomhthéacs sin, aird ní ba mhó a thabhairt ar CnaR agus ról ní ba láidre a thabhairt dó, go háirithe ar an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála, i gcomhréir le dlisteanacht pholaitiúil chomhaltaí CnaR agus leis an taithí atá aige ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

34. Ba cheart cead a bheith ag CnaR, de réir an athbhreithnithe ar an gComhaontú Idirinstitiúideach, freastal ar chruinnithe tríthaobhacha sa nós imeachta comhchinnteoireachta. Is mian le CnaR a athdhearbhú go bhfuil sé tiomanta féachaint le teacht ar bhealaí nua chun tionchar a imirt ar idirphlé idirinstitiúideach an Aontais. Is móide is ábhartha sin nuair a chuirtear san áireamh an t-aitheantas atá á thabhairt don fhadbhreathnaitheacht straitéiseach, agus dá gné áitiúil agus réigiúnach, mar phríomhghné de chlár oibre an Aontais.

35. Tá CnaR ag iarraidh go ndéanfaí ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus CnaR féin a neartú i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais. Tá sé den tuairim, mar shampla, gur cheart don lucht ceaptha beartas a bheith níos rannpháirtí i dtástálacha struis d'fhonn teacht roimh fhadhbanna i reachtaíocht an Aontais, í a athbhreithniú agus beartais a oiriúnú ([5]).

36. Iarrann CnaR ar institiúidí eile an Aontais tacú le CnaR acmhainneachtaí fadbhreathnaitheachta na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a neartú trí bhíthin gníomhaíochtaí iomchuí for-rochtana agus oiliúna a bheadh dírithe ar an lucht ceaptha beartas réigiúnach agus ar oifigigh phoiblí áitiúla. Iarrann sé freisin go n-oibreoidís i gcomhar leis chun cur le próifíl agus le hinfheictheacht na ngníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta straitéisí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach ag gach céim de phróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh.

([5]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — An tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (IO C 301, 5.8.2022, lch. 33).

37. Iarrann CnaR ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha infheistíocht a dhéanamh san fhadbhreathnaitheacht straitéiseach agus sa mhéid is féidir léi cur, mar shampla, le beartas réigiúnach atá níos réamhbhreathnaithí, níos sistéamaí, níos comhleanúnaí agus níos rannpháirtí, sin nó le straitéisí forbartha níos nuálaí agus níos inbhuanaithe.

An Bhruiséil, an 11 Deireadh Fómhair 2023.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Vasco ALVES CORDEIRO